An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Plean Straitéiseach
2022–2025

Márta 2022

# An Clár Ábhar


## 04
**Réamhrá**

## 07
**Comhthéacs Dár N-Obair**

## 10
**An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim Agus Measúnachta**

Ár Gcúram 10
Ár Struchtúr 10

## 12
**Éachtaí Príomha Tríd An Bplean Straitéiseach 2019–2021**

## 14
**Fís, Misean Agus Prionsabail**

Ár Bhfís 14
Ár Misean 14
Ár Bprionsabail 14

## 16
**Spriocanna Straitéiseacha**

**Sprioc Straitéiseach 1:** Curaclam Agus Measúnacht 16
**Sprioc Straitéiseach 2:** Rannpháirtíocht Agus Comhoibriú 17
**Sprioc Straitéiseach 3:** Eolas Agus Taighde 18

## 19
**Cumasóirí Straitéiseacha**

**Cumasóir Straitéiseach 1:** Daoine Agus Cultúr Eagraíochta 19
**Cumasóir Straitéiseach 2:** Rialachas 20
**Cumasóir Straitéiseach 3:** Teicneolaíocht §Faisnéise Agus Chumarsáide 20
**Cumasóir Straitéiseach 4:** Cumarsáid 21

## 22
**Monatóireacht Agus Measúnú A Dhéanamh Ar An Bplean**

Monatóireacht 23
Measúnú 23

# Brollach

Le linn dom a bheith ag scríobh an réamhrá seo do Phlean Straitéiseach na Comhairle a mhaireann ceithre bliana, tá imeachtaí ag tarlú 3,000km uainn ag caitheamh scáil ar an dóchas atá ann mar go bhfuil deireadh na paindéime a bhí i réim ar fud an domhain ó thús 2020 ag teannadh linn. Cuireann sé seo an comhthéacs leathan idirnáisiúnta agus náisiúnta i gcuimhne go gléineach dúinn ina mbíonn oideachas ar siúl agus a imríonn tionchar suntasach ar obair na suíomhanna luath-óige agus obair na mbunscoileanna agus na n-iarbhunscoileanna. Ach fós féin, taobh istigh de na forbairtí seo, faighimid deimhniú agus dearbhú den tábhacht a bhaineann leis an bhfód a sheasamh chun fís shoiléir a bheith againn ar na daoine a chuirimid romhainn agus an méid a bhfuilimid ag súil leis maidir le hoideachas na ndaoine óga ón luath-óige go dtí deireadh na sraithe sinsearaí.

Cuireann an Plean Straitéiseach nua seo le hobair churaclaim agus mheasúnaithe na Comhairle le trí bliana anuas agus leagann sé gníomhaíochtaí amach ina bhfuil sé mar aidhm go mbeidh páistí agus scoláirí in ann eispéiris thaitneamhacha, rannpháirtíochta, ábhartha agus dhúshlánacha go cuí a bheith acu chomh maith le tairbhe a bhaint astu, chun tacú le foghlaim, maireachtáil, cúnamh, cúram, agus obair ar an saol a bhíonn ag athrú i gcónaí. Is iad na hocht bprionsabal treorach ag croí na straitéise, atá ina sainghné ag na próisis atá comhoibríoch bunaithe ar fhianaise trína bhforbraíonn an Chomhairle a comhairle le haghaidh an Aire Oideachais. Tá sé mar aidhm ag an straitéis athfhorbairt agus cur i bhfeidhm curaclaim atá uaillmhianach agus sofhreagrach trí na próisis seo. Múnlaíonn féiniúlachtaí earnála an obair seo agus tá sí i gcroílár na bhféiniúlachtaí céanna. Tacaíonn sí le tosaíochtaí córasacha, oideolaíochtaí spreagúla, teicneolaíochtaí digiteacha, folláine, agus tiomantas do dheacrachtaí domhanda ar nós inbhuanaitheachta agus ceartas sóisialta.

Cé go bhfuil an straitéis ar leibhéal a chumasaíonn solúbthacht, lúfaireacht agus freagrúlacht chomh maith le cruthaitheacht agus nuálaíocht, cuireann sé treo daingean ar fáil le haghaidh forbairtí curaclaim agus measúnaithe i oideachas na luath-óige, na bunscoile agus na hiar-bhunscoile. Ní tráthúil gurb é ‘Daoine agus cultúr’ an chéad chumasóir a chuirtear i láthair sa straitéis. Tá saineolas, proifisiúntacht, agus tiomantas fhoireann CNCM agus na gcomhaltaí grúpaí agus boird forbartha agus Comhairle ina gcuid lárnach chun an straitéis a chur i bhfeidhm. Beidh a rannchuidiú agus a dtiomantas chun fís na straitéise a bhaint amach suntasach. Beidh rialachas maith lárnach i gcónaí ionas go reáchtáiltear an Chomhairle go héifeachtúil agus go trédhearcach. Is é seo, chomh maith le infheistíocht reatha i dteicneolaíochtaí digiteacha agus i gcumarsáidí éifeachtacha, a chuirfidh tacaíocht riachtanach ar fáil chun spriocanna straitéiseacha na Comhairle a bhaint amach agus chun an fhís agus an misean a bhaint amach.

Lena linn seo ar fad, beidh an Chomhairle géarchúiseach i gcónaí agus beidh sí freagrúil don suíomh ina n-oibríonn suíomhanna luath-óige agus scoileanna, agus ina mbíonn múinteoireacht agus foghlaim ar siúl. Is iad na heispéiris agus tuairimí daoine óga, a múinteoirí agus a gceannasaithe scoile/suímh, agus a dtuismitheoirí a bheith lárnach i gcónaí maidir le forbairtí curaclaim agus measúnaithe le linn dúinn a bheith ag bogadh ar aghaidh le dóchas, tiomantas, agus uaillmhian chun ár ndícheall a dhéanamh as lámh a chéile ar maithe le hoideachas ár ndaoine óga.





An tOll. Mary O’Sullivan, an Cathaoirleach

# Réamhrá

Is iad seo a leanas cuid de na focail is minice a ndéantar tagairt dóibh de chuid Nelson Mandela nach maireann 'Is é oideachas an uirlis is cumhachtaí gur féidir a úsáid chun an domhan a athrú'. Dar leis gurbh iomadúil é aidhm an oideachais agus, rud tábhachtach, go raibh an chumhacht ag an oideachas fuascailt a bheith i gceist aige agus rudaí a athrú ó bhonn. Ar fud na tréimhse 2019–2021, ba í aidhm plean straitéiseach deiridh de chuid an CNCM, go mbeadh cuspóir soiléir oideachais ann a threoraigh athbhreithniú ardleibhéal na Comhairle ar oideachas na sraithe sinsearaí agus ar an gcuraclam bunscoile, an obair ullmhaithe chun *Aistear: Creatchuraclam na Luath-óige* a nuashonrú, chomh maith leis an tacaíocht leanúnach le haghaidh cur chun feidhme *Creata don tSraith Shóisearach* 2015. An cuspóir seo chun

- cur ar chumas na ndaoine óga ar fad[1] chun foghlaim le haghaidh 'an t-am i láthair', agus chun sásamh a bhaint as,
- tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt iomlánaíoch agus cúnamh a thabhairt do na daoine óga ar fad chun maireachtáil i saol a bhíonn ag athrú i gcónaí, chomh maith leis an domhan a chaomhnú agus oibriú ann,
- ómós agus dínit a chothú do chách, agus
- daoine a bhfuil grá acu don fhoghlaim a chruthú,

a chuireann bonn taca faoin bPlean nua Straitéiseach seo, agus mar sin, a leagann spriocanna uaillmhianacha amach do churaclam agus do mheasúnú. Is é an sprioc atá ag na cuspóirí seo ar fad go gcuirfidh an taithí agus na deiseanna a chuirtear i láthair ar fud an chontanaim oideachais ar chumas gach duine óg a bheith faoi bhláth agus barr a gcumais a bhaint amach, chun rogha agus solúbthacht a bheith acu ina n-eispéiris, agus go dtugtar ómós, tacaíocht agus cumhacht dóibh mar shaoránaigh óga.

Forbraíodh Plean Straitéiseach i rith paindéim dhomhanda, paindéim a chuir isteach ar gach gné den saol, oideachas san áireamh. Scríobhadh agus rinneadh plé ar go leor ábhair cheana féin faoin méid atá le foghlaim faoi COVID-19. Cé gur féidir linn machnamh a dhéanamh ar ár n-eispéiris go dtí anois, tá go leor nach bhfuil ar eolas againn faoin bhfíor-thionchar a imríodh ar dhaoine óga, ar a gcleachtóirí/múinteoirí, ar mhúinteoirí scoile, agus ar a dtuismitheoirí, a dteaghlaigh agus a bpobail. Chuir teachtaireacht thábhachtach i gcuimhne dúinn go gléineach faoin tábhacht a bhaineann le scoileanna agus le suíomhanna luath-óige i saol na bpáistí agus na scoláirí, agus an ról criticiúil atá acu in oideachas agus i bhforbairt an duine óig. Chonaiceamar ar fad go pearsanta, an chaoi a bhfuil scoileanna agus suíomhanna i gcroílár an tsaoil shóisialta maidir le pobail. Chonaiceamar a thábhachtaí agus a bhí caidrimh san oideachas, idir páiste/scoláire agus an cleachtóir/múinteoir, idir cleachtóirí/múinteoirí agus tuismitheoirí, agus idir cleachtóirí/múinteoirí agus ceannairí scoile. Cé go bhfuil go leor le foghlaim fós, lena n-áirítear

[1] Úsáideann an straitéis seo 'páistí' nuair atáthar ag tagairt do shuíomhanna luath-óige agus do bhunscoileanna; agus, 'scoláirí' nuair atáthar ag tagairt d'iar-bhunscoileanna. Úsáidtear an téarma 'daoine óga' chun tagairt a dhéanamh do na foghlaimeoirí óga ar fud contanam an oideachais ar fad ón luath-óige go dtí deireadh na sraithe sinsearaí.

ó thaighde atá ar siúl ag an CNCM agus ag eagraíochtaí eile agus daoine aonair, thaispeáin an phaindéim ceisteanna tábhachtacha dúinn faoi churaclam agus measúnú:

- Céard iad na príomhluachanna atá againn maidir leis an oideachas?
- An ndéanann ár gcuraclam dóthain chun féiniúlacht gach duine óg a chur san áireamh agus chun tacaíocht a thabhairt dóibh maidir lena bhfoghlaim ón luath-óige go dtí an tsraith shinsearach?
- Cén rud a d'fhéadfaimis foghlaim, mar chóras, faoin gcaoi a bhféadfaimis a thabhairt do chomhpháirtithe i suíomhanna ar scoil nó sa bhaile?
- Cén chaoi a bhféadfaí cleachtais mheasúnaithe, lena n-áirítear measúnú, a fhorbairt níos mó chun tuilleadh fianaise a chur ar fáil ar fhoghlaim gach duine óg ar fud an churaclaim ag gach céim den oideachas?

Cuireann an Plean Straitéiseach seo deiseanna uathúla ar fáil, chomh maith le dúshláin, maidir leis an méid gur féidir a bhaint amach tríd an gcuraclam agus measúnú do gach duine óg inár gcóras oideachais. Agus muid ag cur lenár gcomhairliúcháin agus rannpháirtíocht forleathan a bhí againn le gairid le scoileanna, páirtithe oideachais agus páirtithe leasmhara níos leithne, agus taighde reatha le scoileanna agus le suíomhanna, do na ceithre bliana atá le teacht feicfimid athfhorbairt an churaclaim agus mheasúnaithe ar feadh 11 bhliain d'oideachas duine óig—an curaclam le haghaidh na sraithe sóisearaí agus sinsearaí. Is iad na machnaimh a rinneadh ar an ngá le forbairt socruithe difriúla le linn na paindéime le haghaidh teastasaithe an stáit ag cumasú dul chun cinn níos faide ná an tsraith shinsearach, a chuir le hionchas agus mian níos mó, i measc an phobail ghinearálta, ar mhaithe le teacht ar ais chuig an gcaoi an ndéanaimid stáitse an oideachais de chuid na sraithe sinsearaí a choincheapadh. Cruthaíonn sé chomh maith le torthaí de chuid athbhreithniú an CNCM idir 2016 agus 2019, deis shuntasach chun an tsraith shinsearach a athfhorbairt ionas go gcuireann sé tacaíocht chuí ar fáil do gach duine óg le linn an stáitse thábhachtaigh oideachais seo. Cuireann na forbairtí seo nach dtarlaíonn rómhinic sa tsraith shóisearach agus shinsearach deiseanna ar fáil le bheith cruthaitheach, samhlaíoch agus cróga nuair atáthar ag cur le láidreachtaí agus réadúlachtaí reatha sa chóras agus muid ag dearadh socruithe curaclaim agus measúnaithe do dhaoine óga i sochaí na hÉireann. Le linn na gceithre bliana atá le teacht, beidh an CNCM ag cur an chéad athbhreithnithe i gcrích agus ag nuashonrú Aistear: Creatchuraclam na Luath-óige rud a chinntíonn go bhfuil tionchar na teicneolaíochta nua le feiceáil ar an gcreat, ag athrú tosaíochtaí na sochaí ar nós athrú ar son na haeráide agus inbhuanaitheacht na haeráide, chomh maith leis an taithí ar an gcreat a chur i bhfeidhm ar fud na suíomhanna. Beidh sé mar bhunchloch freagairt do chur i bhfeidhm na n-eispéireas mar atá i staidéar taighde ilghnéitheach agus é ar siúl, chun an obair reatha a mhúnlú chun tacú leis an gCreat don tSraith Shóisearach 2015.

Thaispeáin ár n-obair go dtí seo dúinn go dteastaíonn forbairt curaclaim agus measúnaithe a bheith ag feidhmiú le chéile le haird chúramach ar na cúinsí scoile atá i réim i scoileanna agus suíomhanna, lena n-áirítear foirgnimh agus éilimh rialtais, agus ar na dálaí a theastaíonn le haghaidh cur i bhfeidhm éifeachtúil na n-athruithe curaclaim agus measúnaithe a dhéanann

scoileanna agus suíomhanna i scoileanna agus suíomhanna, chomh maith hathruithe ar fud an chórais chun an t-athrú a bhainistiú agus chun tacú leis an athrú sin. Agus muid ag oibriú go dlúth le suíomhanna oideachais, leis na páirtithe oideachais agus leis na páirtithe leasmhara níos leithne, leanfaimid ar aghaidh ag obair ar son na ndálaí ar fad a theastaíonn a bhaint amach, agus na dálaí a chur chun cinn, ar nós forbairt phroifisiúnta; acmhainní; seicheamhú, luas agus uainiú an athraithe; cumarsáidí; ailíniú beartais; agus meastóireacht agus taighde.

Le linn na gceithre bliana atá le teacht beidh mórchéimeanna curaclaim agus measúnaithe, lena n-áirítear an 15ú bliain d'Aistear: Creatchuraclam na Luath-óige (2024); an 25ú bliain de Churaclam na Bunscoile (2024); an 100ú bliain den Ardteistiméireacht (2024); agus an 10ú bliain den Chreat don tSraith Shóisearach (2025). Chomh maith leis sin, déanfaidh an CNCM comóradh ar 40ú bliain a bheith ar an bhfód in 2024. Le chéile, cuireann siad deiseanna ar fáil machnamh a dhéanamh mar eagraíocht taobh istigh den chóras oideachais, ar na buanna agus ar thionchar de chuid na bhforbairtí curaclaim agus measúnaithe le linn dúinn a bheith ag breathnú ar an gcaoi ar féidir linn cur le heispéiris na ndaoine óga ar fad chomh maith le feabhas a chur ar na heispéiris sin ó aimsir na luath-óige go dtí deiridh an oideachais iar-bhunscoile.

Cé go rabhthas an-aireach agus straitéis á forbairt atá idir chruthaitheach, nuálach, pragmatach agus réalaíoch ó 2022 go dtí 2025, ní mór go mbeadh aon straitéis sách solúbtha agus go mbeifear in ann í a athrú thar imeacht ama. Is cáipéis bheo riachtanach é an Plean Straitéiseach seo agus d'fhéadfadh sé athrú de réir mar a chuirtear forbairtí curaclaim agus measúnaithe chun cinn, mar a thagann deiseanna nua nuálaíochta chun cinn nó mar a shocraítear tosaíochtaí nua do bheartas náisiúnta. Tá an cur i bhfeidhm bunaithe ar inrochtaineacht thráthúil na n-acmhainní leordhóthanacha agus tacaíocht sheasmhach ó na páirtithe oideachais maidir le spriocanna agus gníomhaíochtaí straitéiseacha ar leathanaigh 16–18.

# Comhthéacs dár n-obair

Ar feadh na mblianta 2019–2021 bhí obair de chuid CNCM ar siúl ar dtús i dtimpeallacht inar tháinig rath ar ais ar an ngeilleagar sa tír tar éis tréimhse fhada ar an anás. Maidir le peirspictíocht churaclaim agus mheasúnaithe, lean an CNCM ar aghaidh ag oibriú le suíomhanna agus scoileanna, breathnaíonn páirtithe agus páirtithe leasmhara oideachais níos leithne go géar ar thréimhse na luaith-óige, na bunscoile agus na hiar-bhunscoile agus é mar aidhm tuilleadh feabhais a chur ar an gcuraclam chun cinntiú go bhfanann sé ábhartha agus sofhreagrach do shaol na ndaoine óga a maireann siad ann. Arís eile, táimid i suíomh a bhfuil go leor neamhchinnteachta ann faoin tréimhse romhainn, lena n-áirítear an tionchar ag an bpaindéim ar shaol na bpáistí agus na scoláirí agus ar a n-oideachas, ar fholláine na saoránach, agus ar an todhchaí eacnamaíoch agus timpeallachta atá romhainn go náisiúnta agus go domhanda. Cuireann an stair i gcuimhne dúinn go dtagann dúshláin chun cinn tar éis imeachtaí móra mar phaindéim dhomhanda, ach tagann deiseanna freisin. Taispeánann an stair chéanna go bhfuil tábhacht ag baint le ceannaireacht ag gach leibhéal sochaí ag cumasú athnuachana, fáis agus forbartha. I gcomhthéacs a leithéid de dhúshláin agus de dheiseanna, tá sé mar aidhm ag CNCM leanúint ar aghaidh, le cúram agus cáiréis chuí, le forbairtí i gcuraclam agus measúnú chun cinntiú go gcuireann eispéiris daoine óga i suíomhanna agus scoileanna ar a gcumas saol iomlán a bheith acu mar shaoránaigh óga, ag cruthú poitéinsil dá saol as seo amach chomh maith le deiseanna fostaíochta agus chun fás aníos agus chun deá-shamplaí a thabhairt mar dhaoine freagracha, athléimneacha agus atruacha maidir le ceartas sóisialta, gníomhú ar son na haeráide, inbhuanaitheacht, agus comhionannas. Tríd seo, tá sé mar aidhm ag an CNCM cur go fiúntach le dúshláin atá roimh shochaí, timpeallacht agus geilleagar na hÉireann chomh maith le dúshláin de chuid an phobail idirnáisiúnta, go háirithe na dúshláin roimh theaghlaigh agus daoine óga.

Leagtar amach roinnt de na tosca seachtracha agus inmheánacha, ar dócha go mbeidh tionchar acu ar obair CNCM thar thréimhse an Phlean Straitéisigh agus ina dhiaidh ar na leathanaigh seo.


NCCA
AN TIMPEALLACHT SHEACHTRACH
Gealltanais don inbhuanaitheacht
Gníomhú ar son na haeráide
Saoránacht dhomhanda
Stíleanna maireachtála agus todhchaí inbhuanaithe
An comhthéacs reachtach
Treoracha AE
Ag leathnú sraitheanna Achtanna, Rialacháin
Uirlisí Reachtúla
An tábhacht a bhaineann le caidrimh agus le pobail
Ról na bpobal i saol an aosa óig
Tuismitheoir – scoil/comhpháirtíochtaí a shocrú
Féiniúlacht agus muintearas
An bhrí is leithne le meas á thabhairt don éagsúlacht agus ag cur le comhionannas san oideachas
Cearta daonna
Ceartas sóisialta
Guth daoine éagsúla
An tábhacht níos mó a bhaineann le folláine
Do pháistí, scoláirí, cleachtóirí, múinteoirí, ceannairí agus pobail scoile níos leithne
An comhthéacs beartais níos leithne
Riachtanais mhéadaithe maidir le rialachas corparáideach
Neamhchinnteacht eacnamaíoch
Tiomantas d'oibriú cumaiscthe/measctha
Ionchais le haghaidh nuálaíochta
Tionól Saoránach maidir le hOideachas
Plé an Oireachtais Coistí
Oideachas nua agus nuashonraithe straitéisí agus tionscnaimh
Athchóiriú seasmhach na seirbhíse poiblí agus na státseirbhíse
Luas an athraithe a thionchar ar oideachas agus an bhaint atá aige leis
An teicneolaíocht agus an deighilt dhigiteach
Domhandú
Luasghéarú an eolais agus rochtain ar eolas
Bréagnuacht
Dí-eaglaisiú níos mó
Tionchar agus ról na meán
Bréageolas
Ag foghlaim ó thaithí COVID-19

# AN TIMPEALLACHT INMHEÁNACH

## Daoine agus cultúr

- Ag tacú le hionduchtú agus ag cur le saineolas, toilleadh agus eolas na mball foirne
- Ag cur feabhais ar fhócas trasearnálach
- Ag tacú le cinnteoireacht chomhoibríoch
- Folláine na mball foirne a chur chun cinn
- Ag díriú ar lucht saothair níos éagsúla a bhaint amach
- Ag tacú leis an bpleanáil sraithe

## Córais

- Ag daingniú foghlama ó COVID i bpróisis oibre agus córais
- Tacú le hoibriú cumaiscthe/measctha
- Cibearshlándáil shofhreagrach agus dhian a chothú
- Bainistíocht riosca a úsáid go réamhghníomhach agus go héifeachtach

## Struchtúir

- Torthaí meastóireachta a úsáid chun struchtúir CNCM a fheabhsú
- Guth an pháiste/an scoláire a neartú
- Ionduchtaithe le haghaidh comhaltaí na Comhairle 2020 a fhorbairt, Boird agus Meithleacha Forbartha
- Tacaíocht a chur ar fáil do Chathaoirligh

## Ag fás agus ag cothú cobhsaíochta agus inbhuanaitheachta

- Clár oibre a chur chun cinn agus a fhorbairt
- Ag fáil rochtana ar acmhainní foirne agus á gcur i bhfeidhm
- Próisis agus cleachtais a athrú chun tacú le heagraíocht atá ag fás
- Foinsiú eiticiúil a chur i bhfeidhm chomh maith le soláthar glas
- Ag fáil agus ag tarraingt aird ar chuimhne institiúideach; ag bainistiú aistriú eolais
- Ag fanacht solúbtha agus sofhreagrach
- Ag fiosrú samhla le haghaidh athbhreithniú córasach curaclaim

## Riachtanais

- Ag freagairt do na riachtanais mhéadaithe a bhaineann le rialachas corparáideach, lena n-áirítear airgeadas agus soláthar
- Ag oibriú le reachtaíocht atá ag forbairt
- Ag freagairt do Threoracha AE

# An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

## Ár gcúram

Bunaíodh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) in 1987 mar chomharba ar an mBord Curaclaim agus Scrúduithe; athbhunaíodh é mar chomhlacht reachtúil 14 bliana ina dhiaidh sin in 2001. Tá ról na Comhairle leagtha amach i gCuid 41.1 (a agus b) san Acht Oideachais 1998, agus clúdaíonn sé an Chomhairle ag tabhairt moltaí don Aire Oideachais maidir le cúrsaí a bhaineann:

- leis an gcuraclam don oideachas luath-óige, do bhunscoileanna agus d'iarbhunscoileanna, agus
- leis na nósanna imeachta measúnaithe a úsáidtear i scoileanna agus le scrúduithe in ábhair atá mar chuid den churaclam.

## Ár struchtúr

Is struchtúr ionadaíoch í an Chomhairle, agus is é an tAire Oideachais a chinneann é. Tá 25 comhalta aici a dhéanann ionadaíocht ar mhúinteoirí, ar chleachtóirí luath-óige, ar bhainisteoirí scoile, ar thuismitheoirí, ar leasa gnó, ar cheardchumainn, ar eagraíochtaí Gaeilge, ar oideachas speisialta agus ar spéis oideachais eile. I measc na gcomhaltaí, tá ionadaithe ón Roinn Oideachais, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, ainmní de chuid an Aire Oideachais agus an Aire Leanaí agus Gnóthaí Comhionannais, Míchumais agus Óige. Ceapann an tAire an Cathaoirleach. Casann an Chomhairle gach ceithre-sé seachtaine agus thart ar sheacht uair sa bhliain le cruinnithe breise sceidealaithe mar a theastaíonn siad. Mar ghnólacht san earnáil phoiblí, leagtar socruithe rialtais de chuid na Comhairle, chomh maith lena struchtúir agus obair amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) chomh maith leis na téarmaí Tagartha. Déanfaidh an Chomhairle a cheaptar maoirseacht ar an bplean straitéiseach nua, den chéad uair i stair CNCM, go ceann téarma ceithre bliana ó Mhárta 2022 go dtí Feabhra 2026.

Tá foireann fheidhmeannach lánaimseartha ag CNCM a bhíonn faoi cheannas Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (CEO). Tá deighilt shoiléir idir róil agus freagrachtaí an Chathaoirligh Comhairle agus an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin. Tá an Cathaoirleach i gceannas ar obair na Comhairle chun tosaíochtaí straitéiseacha a aimsiú chomh maith le treoir don eagraíocht agus tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin i gceannas ar an bhfoireann feidhmiúcháin agus ar a gcuid oibre le struchtúir chumasaithe na Comhairle—Boird agus Grúpaí Forbartha—chun na tosaíochtaí seo a chur i mbun oibríochta (féach Fíor 1). Déantar an eagraíocht a mhaoiniú i bhfoirm deontais ón Roinn Oideachais.




**Fíor 1:** Struchtúr CNCM

# Éachtaí Príomha tríd an bPlean Straitéiseach 2019–2021

Ar feadh roinnt mhaith den tréimhse 2019–2021, ba é plean deiridh straitéiseach CNCM, ar imir an phaindéim dhomhanda tionchar air de bhar an Choróinvíris, bhí go leor éachtaí príomha in obair churaclaim agus mheasúnaithe na Comhairle. Chomh maith leis sin, chuir an eagraíocht go mór le hobair na ranna rialtais maidir le freagairt don phaindéim ag tacú le tuairisciú do thuismitheoirí, athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe measúnaithe, ag cur treoir ar fáil do mhúinteoireacht agus don fhoghlaim, ag cur le Foirne Tacaíochta Scoile an FSS trí athshannadh. Pléann Tábla 1 le héachtaí curaclaim agus measúnaithe príomha atá mar bhonn taca ag obair CNCM do na ceithre bliana atá le teacht.

### Tábla 1: Éachtaí príomha

| | |
|---|---|
| **An Luath-Óige agus an Bhunscoil** | • Treoir Chleachtais Aistear Síolta ar líne athdheartha agus leasaithe<br>• Soláthar níos leithne chun forbairt ghairmiúil a choinneáil sa tsúil trí Thionscnamh Náisiúnta Síolta Aistear<br>• Nuashonrú *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* ar siúl<br>• *Curaclam nua Teanga na Bunscoile/Curaclam Teanga na Bunscoile* agus uirlisí úsáide ar líne<br>• Tionscnamh Códú i mBunscoileanna<br>• *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile*<br>• *Dréachtchuraclam Matamaitice na Bunscoile* le hábhair tacaíochta<br>• Trí thuarascáil ón staidéar fadaimseartha *Saol Scoile Páistí* |
| **Iar-bhunscoil** | • Samplaí anótáilte d'obair scoláirí agus de thascanna measúnaithe ar fud na n-ábhar ar fad<br>• Athbhreithnithe luatha curtha i bhfeidhm de chúig shonraíocht na sraithe sóisearaí<br>• Athbhreithniú ar nádúr roghnach na staire sa *Chreat don tSraith Shóisearach*<br>• Ba é an staidéar ilchineálach a chuir tús le cur i láthair agus cur i bhfeidhm an *Chreata don tSraith Shóisearach*<br>• Leibhéal 2 Cláir Foghlama a ndearnadh athbhreithniú agus leas orthu<br>• Athbhreithniú na Sraithe Sinsearaí a cuireadh i gcrích agus tuarascáil chomhairleach a eisíodh don Aire<br>• Sonraíocht Ardteistiméireachta amháin, sonraíocht amháin de chuid na Sraithe Sóisearaí agus ceithre tuairisceoir athbhreithnithe agus nuashonraithe na hArdteistiméireachta Feidhmí<br>• Ceithre shonraíocht Ardteistiméireachta nua a forbraíodh<br>• Ocht sonraíocht Ardteistiméireachta nua a forbraíodh |
| **Trasearnálach** | • Athbhreithniú ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna; tacair uirlisí ar líne a forbraíodh<br>• Obair a thacaíonn le guth an pháiste/an scoláire<br>• Obair a thacaíonn le Cultúr agus Stair an Lucht Siúil sa churaclam<br>• Obair a thacaíonn le daoine óga agus iad faoi choinneáil agus iad i suíomhanna cúraim<br>• Obair a thacaíonn le hOideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe<br>• Formáidí comhairliúcháin agus uirlisí a leasaíodh |
| **Rialachas agus Gnóthaí Corparáideacha** | • Comhlíonadh maidir le riachtanais sa Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, lena n-áirítear réimsí airgeadais, soláthair, iniúchta agus bainistíocht riosca<br>• Réimse beartais rialtais a athbhreithníodh agus a uasdátaíodh; beartais nua a forbraíodh<br>• Ráiteas um Chosaint Páistí, treoirlínte agus próisis<br>• Folláine foirne agus forbartha a cuireadh chun cinn agus ar tacaíodh leis<br>• Brandáil Rialtas na hÉireann agus cur i bhfeidhm amharc-aithne<br>• Straitéis Taighde a cuireadh i bhfeidhm<br>• Cumarsáidí seachtracha leasaithe ag tacú le hobair<br>• Feabhsuithe a cuireadh de bharr na teicneolaíochta i bpróisis oibre, i gcleachtais agus i ndeiseanna comhoibrithe |

# Fís, misean agus prionsabail

## Ár bhFís

Is í ár bhfís chun forbairtí a stiúradh agus a choinneáil sa tsúil maidir le curaclam agus measúnú atá sách forleathan ionas go mbeidh páistí agus scoláirí in ann eispéiris thaitneamhacha, rannpháirtíochta, ábhartha agus dhúshlánacha go cuí a bheith acu chomh maith le tairbhe a bhaint astu, chun tacú le foghlaim, maireachtáil, cúnamh, cúram, agus obair ar an saol a bhíonn ag athrú i gcónaí.

## Ár misean

Is é ár misean comhairle a chur ar an Aire Oideachais i dtaobh cúrsaí curaclaim agus measúnaithe san oideachas luath-óige anonn go dtí an iar-bhunscoil trí

- oibriú i gcomhpháirtíocht le páistí, scoláirí, múinteoirí, cleachtóirí, tuismitheoirí, ceannairí scoile, bainisteoirí, agus eile
- taighde a dhéanamh, a úsáid agus a roinnt mar bhonn le comhairle, plé agus díospóireacht ar mhúinteoireacht, foghlaim agus measúnú
- comhoibriú le comhpháirtithe oideachais agus le páirtithe leasmhara níos leithne chun tacú le cur i bhfeidhm éifeachtúil na bhforbairtí curaclaim agus measúnaithe.
- ómós a bheith againn d’ionchuimsiú, cáilíocht, ábharthacht agus dul chun cinn maidir le heispéireas daoine óga i gcuraclam agus measúnú[2].

## Ár bprionsabail

Forbraítear comhairle na Comhairle maidir le curaclam agus measúnú trí cheithre réimse gníomhaíochta idirnasctha—taighde, líonraí, comhairliúcháin agus plé (féach Fíor 2).

### Fíor 2: An próiseas forbartha

| TAIGHDE | COMHAIRLIÚCHÁN | LÍONRAÍ | PLÉ |
|---|---|---|---|
| Úsáidtear fianaise thaighde, dea-chleachtas agus taithí idirnáisiúnta chun an chomhairle a fheabhsú. | Bíonn tionchar ag an aiseolas a fhaightear ó chomhairliúcháin leis an bpobal, scoileanna, suíomhanna luath-óige, leasanna oideachasúla agus dreamanna eile ar an gcomhairle | Tugann líonraí scoileanna agus suíomhanna luath-óige aiseolas ar na smaointe agus cuir chuige éagsúla atá faoi fhorbairt agus cuireann siad samplaí praiticiúla ar fáil. | Bíonn an chomhairle sin bunaithe cainteanna agus ar an bplé a bhíonn ag an gComhairle lena agus meithleacha forbartha. |

Tá an próiseas chun comhairle a chur le chéile don Aire bunaithe ar fhianaise, atriallach agus sofhreagrach le páistí/scoláirí agus cleachtóirí/múinteoirí ag croí churaclam na Comhairle agus cinntí measúnaithe.

[2] Leagtar amach ról CNCM in Airteagal 41 den Acht Oideachais 1998 – Acht Oideachais, 1998, Cuid 41 (irishstatutebook.ie).

Tá forbairt na comhairle mar bhonn is mar thaca ag na hocht bprionsabal i dTábla 2. Tá na luachanna measa fite trí na prionsabail seo, chomh maith leis na prionsabail comhionannais, gairmiúlachta agus ionracais atá lárnach maidir le hobair CNCM ar churaclam agus measúnú.

**Tábla 2: Prionsabail atá mar bhonn taca ag forbairt na comhairle**

| Prionsabal | An chaoi a léirítear an prionsabal inár n-obair |
|---|---|
| **Ionchuimsiú agus éagsúlacht** | Cuireann ár n-obair ar chumas forbartha an churaclaim agus mheasúnaithe a aithníonn éagsúlacht agus cearta gach duine óg agus an tábhacht a bhaineann le tacaíocht a thabhairt do gach páiste/scoláire chun a bpoitéinseal a bhaint amach. |
| **Comhpháirtíocht agus comhoibriú** | Agus muid ag úsáid réimse formáidí cumarsáide, oibrímid i gcomhar le suíomhanna agus scoileanna luath-óige, agus leis an earnáil oideachais níos leithne, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, chun forbairtí curaclaim agus measúnaithe a mhúnlú. |
| **Comhairliúchán** | Déanaimid comhairliúchán go forleathan agus bainimid úsáid as réimse uirlisí agus próiseas chun cinntiú go ndéanann réimse saibhir guthanna, peirspictíochtaí agus dearcthaí atá mar chuid de shochaí na hÉireann eolas dár gcuid oibre. |
| **Guth an pháiste/an scoláire** | Tugann ár n-obair meas do cheart na bpáistí agus na scoláirí agus cuireann sé chun cinn é ionas go n-éistfear lena nguthanna agus go gcuirfear san áireamh iad nuair atáthar ag múnlú na comhairle curaclaim agus measúnaithe a fhorbraímid. Tá ár rannpháirtíocht le daoine óga cuí ó thaobh aoise agus céime agus cuireann sé an chaoi a ndéanann siad cumarsáid san áireamh. |
| **Bunaithe ar fhianaise** | Bainimid úsáid as réimse leathan taighde, idir náisiúnta agus idirnáisiúnta chun eolas a dhéanamh dár smaointeoireacht ar churaclam agus measúnú. |
| **Nuálaíocht agus freagrúlacht** | Cuirimid luach ar fhiosrúchán agus is maith linn smaointe agus smaointeoireacht nua a chloisteáil de réir mar a chuirimid le láidreachtaí an chórais oideachais agus mar a bhforbraímid comhairle churaclaim agus mheasúnaithe atá sofhreagrach agus ábhartha chomh maith le bheith nuálach agus uaillmhianach go cuí. |
| **Comhleanúnachas, leanúnachas agus dul chun cinn** | Tugaimid aird ar chomhleanúnachas curaclaim agus measúnaithe taobh istigh de agus ar fud na n-earnálacha ar fad chun tacú le leanúnachas agus dul chun cinn go cuí i dturas oideachais duine óig le linn dúinn a bheith ag tabhairt measa do nádúr agus d'fhéiniúlacht éagsúil gach céim agus earnáil. |
| **Eagraíocht foghlama** | Táimid tiomanta d'eispéireas oideachais daoine óga a fheabhsú. Mar thacú leis seo, cuirimid cultúr foghlama chun cinn agus cothaímid é i measc ár mball foirne agus taobh istigh de struchtúir CNCM. |

# Spriocanna straitéiseacha

Tá trí sprioc straitéiseacha i lár obair CNCM le linn na gceithre bliana atá romhainn sna réimsí seo a leanas, *Curaclam agus Measúnú*, *Rannpháirtíocht agus Comhoibriú*, agus *Eolas agus Taighde*.

## Sprioc straitéiseach 1: Curaclam agus Measúnacht

Forbróimid curaclam agus measúnú nuálach i leith ar mhaithe le hionchuimsiú rannpháirtíocht, cáilíocht, dul chun cinn agus leanúnachas idir na hearnálacha ar fad agus idir aistrithe oideachais. Cuirfimid oideolaíochtaí éifeachtacha chun cinn agus déanfaimid iad a léiriú chun tacú leis na daoine óga ar fad mar fhoghlaimeoirí gafa agus gníomhacha le deiseanna maidir le rogha agus cinnteoireacht. Déanfaimid ailíniú ar oideolaíocht agus ar mheasúnú le cuspóirí curaclaim, agus tabharfaimid tacaíocht do thuarascáil a léiríonn an réimse de dhul chun cinn agus éachtaí daoine óga.

Agus an cuspóir seo á bhaint amach, tabharfaimid faoi na gníomhaíochtaí seo a leanas.

| Uimhir | Gníomh |
|---|---|
| **SS1.1** | Nuashonrú ***Aistear: Creatchuraclam na Luath-óige*** ag déanamh cinnte dá thacaíocht leanúnach la haghaidh eispéireas ardchaighdeáin foghlama do pháistí ar feadh a mblianta luath-óige ar fad agus ag cumasú comhleanúnachas cuí leis an gcuraclam athfhorbartha bunscoile. |
| **SS1.2** | Chun tacú leis an ***Tionscnamh Náisiúnta Síolta Aistear*** agus é a neartú, le tagairt faoi leith don idirlíon ***Treoir Chleachtais Aistear Síolta***. |
| **SS1.3** | Chun an ***Creatchuraclam Bunscoile*** a chur i gcrích agus chun an curaclam le haghaidh bunscoileanna agus scoileanna speisialta ag déanamh cinnte dá thacaíocht leanúnach le haghaidh múinteoireacht, foghlaim agus eispéiris agus torthaí measúnaithe ardchaighdeáin, agus ag cumasú comhleanúnachas cuí leis an gcreatchuraclam Aistear agus an Creat don tSraith Shóisearach. |
| **SS1.4** | Chun athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar an treoir oideolaíochta chomh maith le socruithe measúnaithe agus tuairiscithe le haghaidh bunscoileanna agus scoileanna speisialta i bhfianaise an ***churaclaim bunscoile*** athfhorbartha. |
| **SS1.5** | Chun tacaíocht a thabhairt d’iar-bhunscoileanna ag baint leas as an ***gCreat don tSraith Shóisearach*** mar bhunús do phleanáil agus cur i bhfeidhm a gclár don tsraith shóisearach agus chun forbairtí a thagann chun cinn ón athbhreithniú ar an ***tsraith shinsearach*** a chur i bhfeidhm. |
| **SS1.6** | Agus muid ar an eolas faoi thaighde, athamharc ar an ***gCreat don tSraith Shóisearach*** agus é a uasdátú más gá agus de réir mar is gá chun tacú le teagasc, foghlaim agus measúnú ar ardchaighdeán. |
| **SS1.7** | Chun an ***tsraith shinsearach*** a athfhorbairt chun bealaí foghlama níos éagsúla a chur ar fáil chomh maith le níos mó rogha agus solúbthachta le aghaidh dul chun cinn do gach scoláire. |
| **SS1.8** | Socruithe measúnaithe a leathnú agus ag tuairisciú taobh istigh de agus ag deireadh na ***sraithe sinsearaí*** chun machnamh a dhéanamh ar fhairsinge agus ar dhoimhneacht dul chun cinn agus gnóthachtáil na scoláirí agus chun tacú le haistriú ó scoil agus ó shuíomhanna oideachais eile. |
| **SS1.9** | Chun athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh mar is cuí ar shonraíochtaí curaclaim agus measúnaithe agus chun, sonraíocht curaclaim agus measúnaithe nua a fhorbairt mar fhreagairt ar na riachtanais sainaitheanta agus riachtanais beartais, lena n-áirítear na réimsí oideachais le haghaidh forbairt inbhuanaithe agus teicneolaíochtaí digiteacha. |
| **SS1.10** | Chun an díriú ar oideolaíochtaí agus aistrithe éifeachtacha agus a ndul chun cinn a neartú chun tacú le dul chun cinn foghlaim gach duine óg. |

| Uimhir | Gníomh |
|---|---|
| **SS1.11** | Chun comhairle churaclaim agus mheasúnaithe a fhorbairt a chuireann oideachas ionchuimsitheach chun cinn agus a thacaíonn leis ag cur ar chumas gach duine óg dul chun cinn a dhéanamh ina bhfoghlaim agus mothú spreagtha, sásta agus go bhfuil luach orthu ina n-eispéiris dá gcuid foghlama. |
| **SS1.12** | Chun samplaí a fhorbairt a bhfuil a gcáilíocht dearbhaithe d'obair páistí ina léirítear na hionchais le haghaidh foghlaimeoirí agus a chuireann le tuiscint chomhroinnte ar dhul chun cinn foghlama ag leibhéal na bunscoile. |
| **SS1.13** | Chun samplaí a fhorbairt a bhfuil a gcáilíocht dearbhaithe d'obair páistí ina léirítear na hionchais le haghaidh scoláirí agus a chuireann le tuiscint chomhroinnte ar chaighdeáin ar fud na sraithe sóisearaí. |
| **SS1.14** | Chun samhail a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm d'athbhreithniú curaclaim atá timthriallach agus córasach ina chuimsítear gach earnáil agus a thógann ar an athbhreithniú reatha agus ar phróisis forbartha. |

## Sprioc straitéiseach 2: Rannpháirtíocht agus Comhoibriú

Oibreoimid le múinteoirí agus tabharfaimid tacaíocht dóibh, chomh maith le cleachtóirí, páistí, scoláirí, tuismitheoirí agus na comhpháirtithe san oideachas chun eolas a dhéanamh d'fhorbairt agus do chur i bhfeidhm curaclaim agus measúnaithe, toilleadh a chothú le haghaidh athraithe, agus bealaí chun oibriú as lámh a chéile a shamhaltú. Trí rannpháirtíocht agus comhoibriú, cruthóimid eolas nua faoin gcuraclam, measúnú agus próisis curtha i bhfeidhm, déanfaimid an t-eolas a roinnt agus imreoimid tionchar air. Oibreoimid ar son cleachtais teagaisc, agus foghlama agus measúnaithe.

Agus an cuspóir seo á bhaint amach, tabharfaimid faoi na gníomhaíochtaí seo a leanas.

| Uimhir | Gníomh |
|---|---|
| **SS2.1** | Oibriú le comhpháirtithe san oideachas, tacú le seirbhísí, chomh maith le hinstitiúidí ardoideachais eile ag cur cláir oideachais don luath-óige ar fáil agus oideachas tosaigh múinteoirí chun cur le toilleadh le haghaidh athrú curaclaim ar fud an chórais oideachais. |
| **SS2.2** | Cinntiú go bhfuil guthanna agus taithí éagsúla na bpáistí, scoláirí, tuismitheoirí agus pobal mar chuid lárnach den phlé agus den chomhairliúchán a dhéantar ar fhorbairtí sa churaclam agus sa mheasúnú. |
| **SS2.3** | Idirchaidreamh a dhéanamh le agus oibriú i gcomhar le réimse eagraíochtaí agus ranna rialtais chun ranna a ailíniú agus chun tacú le cur chuige comhleanúnach maidir le cur i bhfeidhm an churaclaim. |
| **SS2.4** | Tacú le agus páirt a ghlacadh i dtionscnaimh dtaighde, curaclaim agus measúnaithe, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, trí chomhoibrithe straitéiseacha le gníomhaireachtaí, eagraíochtaí agus líonraí eile. |
| **SS2.5** | Tacú le cumas na scoileanna agus na suíomhanna, athrú a fhorbairt, a chur i láthair agus a chur i bhfeidhm i gcuraclam agus measúnú. |

## Sprioc straitéiseach 3: Eolas agus Taighde

Déanfaimid fianaise taighde dian toilithe a ghiniúint, a úsáid agus a scaipeadh ar mhaithe le comhairle a cheapadh agus cleachtas a fhorbairt i dtaca le cúrsaí curaclaim agus measúnaithe i ngach suíomh oideachais. Trí dhearadh taighde, beimid rannpháirteach le héagsúlacht na bpáirtithe leasmhara sa chóras oideachais, lena n-áirítear páistí, scoláirí, tuismitheoirí, múinteoirí/cleachtóirí agus ceannairí scoile ar bhealaí barántúla, comhoibríocha agus fiúntacha. Déanfaimid taighde a ghin CNCM a roinnt agus a úsáid agus obair na dtaighdeoirí eile chun eolas a dhéanamh don dioscúrsa agus é a spreagadh maidir le cúrsaí a bhaineann lenár gcuraclam agus lenár gcomhairle mheasúnaithe. Cuirfimid le tógáil toillte maidir le taighde ar fud an chórais oideachais.

Agus an cuspóir seo á bhaint amach, tabharfaimid faoi na gníomhaíochtaí seo a leanas.

| Uimhir | Gníomh |
|---|---|
| **SS3.1** | Chun fianaise taighde a úsáid ó réimse leathan foinsí inmheánacha agus seachtracha, lena n-áirítear torthaí ó thaighde fadaimseartha agus próisis comhairliúcháin, chun eolas a dhéanamh d'fhorbairtí curaclaim agus measúnaithe. |
| **SS3.2** | An Straitéis Taighde 2022–2025 a fhoilsiú agus a chur i bhfeidhm. |
| **SS3.3** | Torthaí an taighde a scaipeadh, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta ó fhoinsí inmheánacha agus seachtracha chun eolas a dhéanamh do phlé agus é a spreagadh. |
| **SS3.4** | Rochtain, roinnt agus ceistiú de thorthaí taighde a chur chun cinn chomh maith le eolas nua de chuid na mball foirne agus comhaltaí struchtúr CNCM mar chuid lárnach den obair a dhéanann siad. |
| **SS3.5** | Chun oibriú ar son tógáil toillte taighde agus tacú leis in oideachas na luath-óige, i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, ag cur le poitéinseal cultúir bunaithe ar fhianaise le haghaidh nuálaíocht agus forbairt curaclaim agus measúnaithe. |

# Cumasóirí straitéiseacha

Is iad na ceithre chumasóir straitéiseacha—*Daoine agus cultúr na heagraíochta*, *Rialachas*, *Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide*, agus *Cumarsáid*—a chuireann tacaíocht riachtanach ar fáil chun na trí sprioc a bhaint amach le linn na gceithre bliana amach romhainn. Tá infheistíocht shuntasach ag teastáil ó gach cumasóir agus tá ról lárnach acu chun fís agus misean CNCM a bhaint amach.

## Cumasóir straitéiseach 1: Daoine agus cultúr eagraíochta

> **Is iad daoine is mór a spreagann rath sa tSeirbhís Shibhialta. Tá sé de dhualgas orainn na huirlisí agus tacaíochtaí cuí a chur i bhfeidhm ionas go bhfuil cumhacht ag na státseirbhísigh le bheith rathúil ar a n-aonar, i bhfoirne, agus sna Ranna agus sna hOifigigh ina n-oibríonn siad.**
>
> **(Straitéis Daoine don Státseirbhís ó 2017 go dtí 2020)**

Tá na daoine agus an cultúr eagraíochta de chuid CNCM lárnach chun an straitéis seo a chur i bhfeidhm. Cuirfimid áit oibre bhríomhar, dhearfach agus shábháilte ar fáil inar féidir le daoine a ndícheall a dhéanamh, ag oibriú as lámh a chéile agus go cruthaitheach le daoine eile chun tacú lenár spriocanna straitéiseacha.

Agus muid ag tacú leis na trí chuspóir straitéiseacha a bhaint amach, tabharfaimid faoi na gníomhaíochtaí seo a leanas.

| Uimhir | Gníomh |
|---|---|
| **CS1.1** | Forbróimid agus cuirfimid Straitéis Daoine i bhfeidhm chun na cleachtais tacaíochta dearfacha a léiriú agus a fhorbairt níos mó a chuireann ar ár gcumas ar fad ár ndícheall a dhéanamh maidir lenár gcuid oibre agus cur le háit oibre bhríomhar agus éifeachtach. |
| **CS1.2** | Socruithe oibre measctha a chur i bhfeidhm a chuirfidh leis an eispéireas COVID, a thacóidh le spriocanna straitéiseacha CNCM agus a léireoidh beartais agus treoracha náisiúnta. |
| **CS1.3** | Leanúint ar aghaidh ag cothú foghlama agus forbartha ar chuidigh an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) leis, rud a spreagann agus a thacaíonn le baill foirne a n-inniúlachtaí, a n-eolas agus a saineolas a fhorbairt agus a roinnt ón ionduchtú ar aghaidh. |
| **CS1.4** | Tacú le folláine dhearfach agus í a chur chun cinn sa CNCM lena n-áirítear folláine na mball foirne, trí mhachnamh agus rannpháirtíocht leanúnach. |
| **CS1.5** | Cur le torthaí de chuid Suirbhé Rannpháirtíochta Fostaithe na Státseirbhísí 2020 chun cultúr na háite oibre tacúla, ionchuimsithí agus dearfaí de chuid an CNCM a fheabhsú, i dtimpeallacht bunaithe ar chóimheas ina n-airíonn cách go bhfuil cumhacht acu chun tacú lena n-áit oibre taobh istigh di. |
| **CS1.6** | Daoine de chuid CNCM a fhorbairt, lena n-áirítear bainisteoirí, le linn a ngairme CNCM chun ceannaireacht a bhaint amach chomh maith le scileanna bainistíochta chun CNCM a chothú ina cuid oibre agus chun a n-eolas a roinnt le comhghleacaithe a chinntíonn leanúnachas. |

## **Cumasóir straitéiseach 2:** Rialachas

Forbróimid rialachas agus struchtúir eagraíochta, próisis, scileanna agus inniúlachtaí de chuid CNCM go héifeachtúil, chun tacú leis na trí sprioc straitéiseacha a bhaint amach le linn dúinn a bheith ag cinntiú comhlíonadh leis an *gCóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* (2016).

Agus muid ag tacú leis na trí chuspóir straitéiseacha a bhaint amach, tabharfaimid faoi na gníomhaíochtaí seo a leanas.

| Uimhir | Gníomh |
|---|---|
| **CS2.1** | Tacú le hobair na Comhairle, Iniúchta agus an Choiste Riosca, an Choiste Rialachais agus struchtúir eile. |
| **CS2.2** | Athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtachta an struchtúr eagraíochta agus cumasaithe agus chun torthaí a chur i bhfeidhm. |
| **CS2.3** | Creat Rialachais Chorparáidigh a chothú agus a fhorbairt níos mó chomh maith le beartais ábhartha. |
| **CS2.4** | Beartais bainistíochta riosca agus cuir i bhfeidhm a chothú ar aon dul le hinghlacthacht riosca na Comhairle. |
| **CS2.5** | Córais dhiana airgeadais a chothú agus a fhorbairt níos mó chomh maith le rialuithe inmheánacha, ag dearadh ráitis Airgeadais iniúchta ar aon dul leis na spriocdhátaí agus na caighdeáin riachtanacha. |
| **CS2.6** | Cloí le treoirlínte maidir le soláthar poiblí agus úsáid rudaí timpeallachta agus sóisialta le meas a chur chun cinn i soláthar poiblí. |
| **CS2.7** | Na riachtanais dlíthiúla agus reachtúla ar fad a chur i bhfeidhm a bhaineann leis an eagraíocht. |
| **CS2.8** | Seirbhís custaiméara a chothú agus a fhorbairt níos mó, go hinmheánach agus go seachtrach, chun freastal ar riachtanais na ndaoine a bhíonn rannpháirteach linn agus leis an bpobal trí chéile. |

## **Cumasóir straitéiseach 3:**
## Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide

Leanfaimid ar aghaidh ag infheistiú i dTeicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide agus í a úsáid chun infreastruchtúr tábhachtach a chur ar fáil chun tacú le cur i bhfeidhm an phlean straitéisigh. Teastaíonn cothabháil leanúnach, athbhreithniú agus uasdátú ón timpeallacht ina gcuirtear ár n-obair chun cinn ionas go ndéanfar cinnte de bhainistíocht éifeachtach maidir le sonraí agus córais, ag cur ar chumas ár ndaoine a ndícheall a dhéanamh agus chun fís agus misean CNCM a bhaint amach.

Agus muid ag tacú leis na trí chuspóir straitéiseacha a bhaint amach, tabharfaimid faoi na gníomhaíochtaí seo a leanas.

| Uimhir | Gníomh |
|---|---|
| **CS3.1** | Úsáid a bhaint as TFC go nuálach agus cumarsáid agus abhcóideacht a fheabhsú leis an bpobal agus chun plé agus rannphháirtíocht a spreagadh in obair CNCM. |
| **CS3.2** | Leas a bhaint as teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, chomh maith leis na teicneolaíochtaí seo a úsáid chun tacú le cur i bhfeidhm an churaclaim, gníomhaíochtaí agus éifeachtúlachtaí oibríochta agus cúrsaí slándála a fheabhsú agus lorg carbóin CNCM a laghdú. |
| **CS3.3** | Muinín agus inniúlacht na foirne a fhorbairt ach úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha. |
| **CS3.4** | Suíomhanna gréasáin CNCM a nuashonrú agus a choinneáil de réir riachtanais an chórais, aiseolais ó chustaiméirí, staitisticí maidir le húsáid ghréasáin, riachtanas dlíthiúil agus forbairtí atá ag teacht chun cinn sna meáin ar líne agus sna meáin shóisialta. |

## **Cumasóir straitéiseach 4:** Cumarsáid

Tá ról lárnach ag an gCumarsáid, go hinmheánach agus go seachtrach, in obair CNCM. Bainfimid úsáid as cumarsáidí soiléire agus tráthúla chun cur le muinín an phobail agus é a choinneáil maidir lenár gcuid oibre. Déanfaimid cinnte gurb ann atá bealaí cumarsáide oscailte taobh istigh den eagraíocht a chuireann le cultúr ina gcuirtear luach ar dhaoine, ina dtugtar meas do dhaoine, agus ina bhfuil daoine rannpháirteach maidir le cinnteoireacht, agus ina dtugtar cumhacht dóibh chun tabhairt faoi obair ar ardchaighdeán.

Agus muid ag tacú leis na trí chuspóir straitéiseacha a bhaint amach, tabharfaimid faoi na gníomhaíochtaí seo a leanas.

| Uimhir | Gníomh |
|---|---|
| **CS4.1** | Straitéis cumarsáide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ina bhfuil fócas láidir for-rochtana ann agus ina gcuireann sé cumarsáidí le chéile ar fud na mbealaí chun teagmháil a dhéanamh le lucht féachana agus chun feasacht phoiblí ar ról CNCM a mhéadú agus ar an gcaoi a dtugann sí faoina cuid oibre. |
| **CS4.2** | Leas a bhaint as forbairtí maidir le teicneolaíochtaí digiteacha agus meáin phriontáilte agus meáin dhigiteacha chun cur le cumarsáidí inmheánacha agus seachtracha agus iad a fheabhsú. |
| **CS4.3** | Saineolas na mball foirne a fhorbairt tuilleadh i réimse na cumarsáide, i nGaeilge agus i mBéarla, lena n-áirítear a bheith ag oibriú leis na meáin. |
| **CS4.4** | Leanúint ar aghaidh chun beartais, córais agus próisis a fhorbairt ach rochtain oscailte ar shonraí ábhartha a chur ar fáil agus ar mhaithe le monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtacht. |
| **CS4.5** | Aiseolas seachtrach a bhailiú agus a úsáid chun eolas a dhéanamh do chuir chuige agus do straitéisí cumarsáide éifeachtacha agus chun iad a fheabhsú. |

# Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar an bplean

Is iad trí sprioc straitéiseach a spreagfaidh cur i bhfeidhm Plean Straitéiseach CNCM 2022–2025 chomh maith le baint amach na físe agus an mhisin mar chuid de seo, *Curaclam agus Measúnú*, *Rannpháirtíocht agus Comhoibriú*, agus *Eolas agus Taighde*, chomh maith leis an méid seo a leanas a dtugann na cumasóirí tacaíocht dóibh, *Daoine agus Cultúr Eagraíochta*, *Eolas agus Cumarsáidí*, *Rialachas*, *Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide*, agus *Cumarsáid*. Beidh monatóireacht agus measúnú ar dhul chun cinn lárnach maidir leis seo.

Imríonn réimse leathan beartas agus pleananna tionchar ar obair CNCM ar nós an Clár don Rialtas, an Roinn Oideachais Ráiteas ar an Straitéis 2021–2023 agus Pleananna Gníomhaíochta le haghaidh Oideachais, chomh maith le tosaíochtaí náisiúnta a dhéanamh rannpháirteach ann. Is minic go dteastaíonn uaidh seo go dtugann CNCM faoi phíosaí oibre nua, gan choinne. I dteannta leis sin, is iad na himeachtaí nach raibh aon choinne leo ar feadh an dá bhliain seo caite chomh maith le hathrú sochaí a chuireann leis an ngá go mbeadh córais oideachais, solúbtha agus dinimiciúil maidir le bheith ag tabhairt faoi na dúshláin nach bhfuil aon choinne leo. Dearadh an straitéis seo mar cháipéis bheo, dhinimiciúil chun tacú leis an gComhairle chun freagairt go solúbtha ar fhorbairtí agus ar cheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn na gceithre bliana atá le teacht. Déantar éascaíocht air seo trí mhonatóireacht agus meastóireacht a chinntíonn trédhearcacht, a chuireann léargais shaibhre agus thráthúla ar fáil maidir le cur i bhfeidhm reatha, a chuireann le cinnteoireacht éifeachtach agus a chuireann deiseanna ar fáil ionas go ndéanfar athbhreithniú níos doimhne (féach Fíor 3).




**Fíor 3:** Monatóireacht agus measúnú ar an straitéis

## Monatóireacht

Go hinmheánach, tugtar tacaíocht do chur i bhfeidhm an phlean straitéisigh trí Phleananna bliantúla Oibre le haschuir phríomha agus mórchéimeanna a chumasaíonn monatóireacht reatha ar dhul chun cinn ar fud na spriocanna straitéiseacha agus na gcumasóirí. Is é an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta chomh maith leis an mbéim a chuirtear ar fhorbairt phroifisiúnta a chuireann tuilleadh deiseanna le haghaidh monatóireachta. Cuirtear nuashonruithe dul chun cinn ar réimsí oibre faoi leith sa straitéis ar fáil don Chomhairle agus dá fochoistí trí thuarascálacha agus cuir i láthair. Ciallaíonn an cur chuige leathan seo maidir le monatóireacht go bhfuil sé níos éasca riachtanais a bhíonn ag athrú i gcónaí agus tosaíochtaí, rud a thacaíonn leis an bpleanáil agus leis an gcinnteoireacht reatha. Déanann Tuairiscí Bliantúla Foilsithe cur síos ar dhul chun cinn a rinneadh i mbliain faoi leith maidir leis an bplean straitéiseach a chur i bhfeidhm. Tá Ráitis Airgeadais CNCM mar chuid de na tuairiscí seo. Mhol athbhreithniú seachtrach 2021 ar an gComhairle gur cheart go ndéanfadh an Chomhairle machnamh ar a plean oibre féin a fhorbairt, a bheadh difriúil ó na pleananna oibre a ndearnadh tagairt dóibh thuas. D'fhéadfadh sé seo tuilleadh tacaíochta a thabhairt do chur i bhfeidhm straitéis nua.

Go seachtrach, is é an Comhaontú Maoirseachta agus Seachadta agus an Roinn Oideachais chomh maith le cruinnithe rialta le an Rannóg Beartas Curaclaim agus Measúnaithe taobh istigh den Roinn, a chuireann tuilleadh deiseanna ar fáil le haghaidh monatóireachta agus athbhreithnithe. Déanann Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchtaí ar fháltais agus ar chaiteachas agus ar nósanna imeachta agus ar chleachtais rialachais. Foilsítear torthaí na n-iniúchtaí sin i dTuarascálacha Bliantúla an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

## Measúnú

Díríonn meastóireacht ar mheasúnú ar dhéanamh ar thionchar agus inbhuanaitheacht an Phlean Straitéisigh. Beidh an mheastóireacht ar súil idir an tréimhse 2022–2025 agus a chuimhneodh ar dhul chun cinn go dtí anois ag tarraingt aird ar an obair mheastóireachta agus thuarascála. Déanfaidh an mheastóireacht seo iniúchadh ar inbhuanaitheacht na straitéise ar feadh an dá bhliain ina dhiaidh sin agus fáil amach an bhfuil athruithe ag teastáil.

Nuair a dhéanfar tuilleadh machnaimh ar an straitéis i dtreo dheireadh na bliana 2025, cuirfear deis thábhachtach ar fáil chun díriú ar thionchar obair CNCM le linn ceithre bliana agus chun machnamh a dhéanamh ar fhachtóirí tábhachtacha atá mar bhonn faoi rath agus faoi na dúshláin maidir leis an straitéis a chur i bhfeidhm. Is é an machnamh deiridh, chomh maith leis na straitéisí agus pleananna gníomhartha rialtais ábhartha agus an comhthéacs sochaí níos leithne ag an am, a dhéanfaidh eolas d'fhorbairt an chéad phlean straitéisigh eile.

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment